Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Nollaig 2019
(OR. en)

15219/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0418(NLE)**

**EURODAC 20
ENFOPOL 536
COMIX 590**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin, a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, i ndáil leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Stát a bheidh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó san Eilvéis i dtaca le rochtain ar Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí<br>– Glacadh |

1. An 14 Nollaig 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh lenar údaraíodh an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht ar chomhaontuithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Ríocht na Danmhairge, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin, den pháirt eile, maidir le módúlachtaí rannpháirtíocht na Stát sin in Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí[1].

2. Tar éis an chaibidlíocht a thabhairt chun críche, thíolaic an Coimisiún, an 13 Nollaig 2018, tograí le haghaidh na gcinntí ón gComhairle maidir leis an bPrótacal idir an tAontas Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i dtaca le rochtain ar Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis[2], a shíniú agus a thabhairt i gcrích.

[1] 14035/15 EU RESTREINT
[2] 15638/18 agus 15626/18 + ADD 1

3. Glacadh an cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Phrótacail an 7 Márta 2019[3]. Shínigh na Páirtithe an Prótacal an 27 Meitheamh 2019.

4. An 7 Márta 2019, chinn an Chomhairle an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail mar aon le téacs an Phrótacail a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil[4].

5. An 17 Nollaig 2019, cheadaigh Parlaimint na hEorpa go dtabharfadh an tAontas an comhaontú i gcrích.

6. Ós mar sin atá, iarrtar ar COREPER an comhaontú maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le rochtain ar Eurodac chun críocha fhorghníomhú an dlí a dhearbhú, agus a iarraidh ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – an cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin, a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, i ndáil leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Stát a bheidh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó san Eilvéis i dtaca le rochtain ar Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí a ghlacadh, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, mar a leagtar amach i ndoiciméad 15783/1/18 REV 1 agus i ndoiciméad 15781/18 + COR1) (it) (ar chuir na saineolaithe dlí/teanga bailchríoch orthu);

   – a chinneadh go bhfoilseofar téacs an Chinnidh thuas luaite san Iris Oifigiúil.

---

[3] Foilsithe san IO L 71, 13.3.2019, lch. 5-6
[4] 6639/19